# Gaeilge na Sraithe Sóisearaí – T1 MRB 2
# Sampla de Shaothar Scoláirí 07

## Ócáid mheasúnaithe: MRB2 Ag Idirghníomhú trí Ghaeilge

**Teideal an tSaothair:** Saic Dún na Séad.

**An tasc a bhí á mheas:** Stair na háite ina bhfuil teach saoire a clann ann agus faoin áit ina rugadh a máthair.

**Formáid:** Cur i láthair le PowerPoint

## Torthaí foghlama as an aonad foghlama a roghnaíodh don mheasúnú:

### Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire:

**Éisteacht**

**1.1** ábhair agus teachtaireachtaí na cumarsáide ar ghnáthluas a thuiscint

**Léamh**

**1.11** rogha pearsanta de théacsanna* a aimsiú, a fhiosrú agus a roinnt ar son taighde agus taitnimh

**Labhairt**

**1.18** a stór focal pearsanta agus stór focal comhaimseartha ar ábhar ginearálta agus ábhar ar spéis leis féin a fhorbairt agus a shaibhriú

**Idirghníomhú cainte**

**1.23** smaointe a bhaineann le heispéiris phearsanta a mhíniú le samplaí agus/nó le hargóintí cuí chun dul i bhfeidhm ar dhuine

**1.24** cumarsáid ó bhéal a dhéanamh ag úsáid teicneolaíochtaí digiteacha

**Scríobh**

**1.28** úsáid a bhaint as scileanna eagarthóireachta mar chuid de phróiseas na scríbhneoireachta, dréachtú agus athdhréachtú san áireamh

**Snáithe 2**

**2.8** gné(ithe) de chultúr na Gaeilge a roghnú agus taighde a dhéanamh uirthi agus í a chur i láthair ar shlí nuálach chruthaitheach

**Snáithe 3**

**3.8** tuiscint a léiriú ar a spreagadh pearsanta i leith úsáid na teanga sa phobal teanga

# Eispéireas teagaisc agus foghlama:

Mhair an tasc idirghníomhach seo 5:23. Bhí go leor saoirse, solúbthachta agus roghanna ar fáil di agus í ag gabháil don Mheasúnú Rangbhunaithe seo, rud a thug deis di a cuid scileanna labhartha a chur chun cinn chomh maith lena scileanna féinriair a fhorbairt.

D'éist sí le heolas agus treoir ghinearálta ón múinteoir faoina bhfuil i gceist le MRB 2. Ansin bhí taighde déanta aici chun an bunsmaoineamh a bhí aici a fhorbairt. Bhí script curtha le chéile aici agus an píosa cainte á chumadh aici. Chuardaigh sí focail áirithe ina foclóir agus rinne sí cleachtadh chun teacht ar chruinneas i bhfuaimniú na bhfocail. Bhí PowerPoint deartha aici. Bhí dréachtú déanta aici ar an obair agus aiseolas faighte aici ón múinteoir roimh chur i láthair a dhéanamh don taifead. Roghnaigh sí cur i láthair aonarach toisc go raibh an-spéis aici sa cheantar ina caitheann sí nach mór gach samhradh ann agus in san chultúr Gaelach atá thart uirthi ann. Rugadh agus tógadh a máthair sa cheantar céanna agus dá bhrí sin, bhí nasc an-láidir aici le muintir na háite agus í ag fás aníos. D'fhoghlaim sí an t-uafás uathu faoin gceantar agus chuir sí níos mó leis na tuiscintí atá aici faoin gceantar nuair a thapaigh sí an deis tabhairt faoi thuilleadh taighde faoi agus cur i láthair a dhéanamh air.

# Nótaí tráchta an mhúinteora i dtaca leis na Gnéithe Cáilíochta do MRB2:

## Cumas cumarsáide:

Tá cumarsáid nádúrtha agus spontáineach ar chaighdeán an-ard léirithe aici. Tá saibhreas teanga agus stór focal fairsing ábhartha in úsáid aici. Léiríonn sí sárthuiscint ar luas agus rithim nádúrtha na teanga, agus bhí sí ar a compord. Cé gur chainteoir Gaeilge den chéad scoth í dá haois, bhí sár-obair infheistithe aici in obair an chur i láthair seo, cleachtadh agus athchleachtadh srl.

## Tuiscint agus cumas idirghníomhaithe cainte:

Tá sárthuiscint léirithe aici ar an lucht éisteachta agus an scoláire i mbun idirghníomhaithe cainte leo. Tá an teanga úsáidte go sciliúil aici agus í ag labhairt agus ag freagairt don lucht éisteachta go cumasach le freagraí fada uaithi. Tá bealach álainn séimh aici ag idirghníomhú le daoine ar bhonn nádúrtha.

## Feasacht teanga:

Léirgh an cailín seo caighdeán an-ard maidir le feasacht teanga agus léirigh sí tuiscint ar phatrúin agus ar chomhréir na teanga, cé go raibh lochtanna beaga in áiteanna i gcruinneas na teanga.

**Tuairiscín:** Thar barr ar fad

Thar barr ar fad | Os cionn na n-ionchas | Ag teacht leis na hionchais | Níor chomhlíon na hionchais go fóill